

# An Lárionad Seirbhísí Airgeadais (IFSC)

## | Freagra Samplach

### **Scrúdaigh forbairt ceann amháin acu seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air (Tionscail gan chuing/ Seirbhísí Airgeadais/ Ollturasóireacht (2017 C9B))**

Sa fhreagra seo, pléifidh mé an fhorbairt ar an Lárionad Idirnáisiúnta Seirbhísí Airgeadais (IFSC) i mBaile Átha Cliath maidir leis an ngeilleagar in Éirinn.

Cuireadh an IFSC chun cinn den chéad uair in 1980 chun geilleagar Bhaile Átha Cliath a spreagadh, agus chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh. Tá an IFSC ar an 7ú lárionad seirbhísí airgeadais is mó san Eoraip.

Tugtar ceanncheathrú dhomhanda léasú na n-aerárthach ar Éirinn anois mar go ndéanann an tír seo aerárthach ar luach €104 billiún a léasú. Tá 6 as an 10 gcomhlacht léasaithe aerárthaigh is mó lonnaithe san IFSC.

Baineann tábhacht mhór leis an IFSC don gheilleagar náisiúnta. Fostaítear os cionn 28,000 duine anseo agus is ionann é agus 7.4% de OTI na hÉireann. Tá 10,000 duine eile fostaithe go hindíreach i seirbhísí tacaíochta.

Is ionann an IFSC agus 10% d'fhostaíocht corparáid ilnáisiúnta in Éirinn. Is ionann €2 bhilliún agus an cháin a bhailítear ó dhíol seirbhísí san IFSC.

Tá cáin chorparáide na hÉireann ar an gceann is ísle san Eoraip (12.5%). Tá meáncháin chorparáide an AE ag 24%. Is ionann an cháin chorparáide a bhailítear ó chomhlachtaí san IFSC ag 36% de cháin chorparáide na hÉireann.

Mealltar comhlachtaí anseo mar gheall ar shuíomh Bhaile Átha Cliath. Mar phointe nódach na hÉireann, téann na traenacha agus na bóithre go léir go Baile Átha Cliath. Tagann 90% de na heitiltí a thuirlingíonn in Éirinn isteach go hAerfort Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh athbheochan ar Cheantar na nDugaí in 1987, rud a thug beocht don áit. Rinneadh uaisliú ar Cheantar na nDugaí. Anois tá 11,000 aonad tithíochta agus tá 40,000 duine ina gcónaí sa cheantar.

Tá suíomh geografach na hÉireann tarraingteach freisin toisc gur ag +0 meán-am Greenwich atá sé. Ciallaíonn sé seo go bhfuil comhlachtaí in Éirinn in ann oibriú sa dá mhargadh, an Dow Jones agus an NASDAQ.

Meallann beartais chánach na hÉireann comhlachtaí anseo. Seachas an cháin chorparáide atá ag 12.5%, tá comhaontú um chánachas dúbailte ag Éirinn le 48 náisiún eile, rud a chiallaíonn nach mbíonn ar chomhlacht nó duine ach cáin a íoc i dtír amháin.

Tá lucht oibre na hÉireann an-óg, rud atá tarraingteach do chomhlachtaí. Tá aon trian don daonra faoi bhun 25 bliana. Is é 36 bliana an mheánaois oibre anseo in Éirinn, i gcomparáid le 46 bliana sa Ghearmáin. Tá formhór na n-oibrithe sa tír seo sáraithe, agus tá cáilíocht ag leibhéal na céime ag 80% den lucht oibre. Tá ardchaighdeán oideachais tríú leibhéal ar fáil i mBaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath mar shampla. Bhí Coláiste na Tríonóide díreach lasmuigh den 100 ollscoil is fearr ar domhan sa rangú is déanaí.

In 2018, bhí Baile Átha Cliath ar an 31ú háit ar domhan do sheirbhísí airgeadais, scála a thomhaiseann Innéacs na Lárionad Airgeadais Dhomhanda.

Tá scileanna teanga na hÉireann ina bhuntáiste. Tá Béarla ar chéad teanga fhoirmhór na n-oibrithe agus tá teanga dhúchais eile ag 17% den chóhort seo.

Ligeann ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach do chomhlachtaí atá lonnaithe anseo gnó a dhéanamh le náisiúin eile. Is iad Daoine, Seirbhísí, Earraí agus Caipiteal ceithre shaoirse an AE.

Tá margadh mór de bhreis is 510 milliún duine ar fáil san Aontas Eorpach. Tugann Breatimeacht deis iontach don IFSC forbairt a dhéanamh toisc go mbeidh go leor comhlachtaí airgeadais ag iarraidh bogadh ó Londain.

Mar sin, is léir gur forbairt rathúil é an Lárionad Idirnáisiúnta Seirbhísí Airgeadais (IFSC) i mBaile Átha Cliath.